C/2026/868

27.2.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Comharchumainn thionsclaíocha: uirlis le haghaidh dhúshlán an iomaíochais chuimsithigh inbhuanaithe

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2026/868)

Rapóirtéir: **Giuseppe GUERINI (IT-III)**

Comhrapóirtéir: **Michal PINTÉR (SK-1)**

Comhairleoirí	Diana DOVGAN (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III) Alexandra ŠARINOVÁ (thar ceann chomhrapóirtéir Chatagóir 1)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI)
Dáta a glactha sa rannóg	12.9.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	3.12.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	601
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	198/0/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) d'institiúidí an Aontais, do na Ballstáit agus do na húdaráis réigiúnacha oideachas maidir le gníomhaíochtaí tráchtála na gcomharchumann a chur san áireamh sa ghnáthoiliúint fiontraíochta agus ghairme ag an dara leibhéal agus an tríú leibhéal araon. Áirítear leis sin feachtais feasachta agus ceardlanna lena ndírítear ar institiúidí airgeadais agus ar chomhlachais tionsclaíochta, d'fhonn a áirithiú go n-aithníonn siad samhail an chomharchumainn. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha na comharchumainn a chur chun cinn i measc gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe óga. Ba cheart deiseanna sonracha do chomharchumainn a áireamh i gclár Erasmus+.

1.2. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit comharchumainn thionsclaíocha a aithint mar phríomhspreagadh do gheilleagar na hEorpa agus dreasachtaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme (faoiseamh cánach, deontais, maoiniú ar ús íseal) chun comharchumainn thionsclaíocha a spreagadh le siombóis thionsclaíoch agus ciorclaíocht thionsclaíoch a ghlacadh. Ba cheart do na húdaráis bhardasacha agus réigiúnacha dreasachtaí cánach agus fóirdheontais áitiúla a chur ar fáil do chomharchumainn nuabhunaithe, rud a thacóidh leis an bhforbairt eacnamaíoch ar leibhéal an phobail.

1.3. Molann CESE infheistíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a dhéanamh i bpáirceanna tionsclaíochta comhroinnte agus i gcriosanna éiceathionsclaíochta chun lonnú comharchumann a éascú. Ina theannta sin, ba cheart tacú le hardáin comhroinnte eolais i measc na gcomharchumann, le go bhféadfadh comharchumainn thionsclaíocha saineolas a mhalartú agus scála an táirgthe thionsclaíoch inbhuanaithe a mhéadú.

1.4. Ba cheart bearta beartais a bhaineann go sonrach leis an gcomharchumann a bheith i gceist le cláir chomhtháthaithe an Aontais chun leas iomlán a bhaint as neart na ngnólachtaí comhoibritheacha. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach bearta a bhaineann go sonrach le comharchumainn a ionchorprú i bpleananna forbartha réigiúnaí, chun a áirithiú go n-aithneofar na comharchumainn thionsclaíocha mar ghníomhaithe a spreagann an inbhuanaitheacht áitiúil. Leis an gcistiú comhtháthaithe, pleananna infheistíochta bonneagair agus straitéisí náisiúnta um réigiúin thearcfhorbartha, ba cheart tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh atá faoi stiúir comharchumainn, rud a fheabhsóidh an athléimneacht réigiúnach.

1.5. Mar gheall ar an bhfás ar thábhacht na hintleachta saorga agus na meaisínfhoghlama sa tionsclaíocht, tá an rochtain ar shonraí agus stóráil agus bainistiú sonraí fíor-riachtanach agus tá tábhacht straitéiseach leo. Ar an gcúis sin, beidh méadú ag teacht ar thábhacht na gcomharchumann sonraíbhunaithe maidir le claochlú tionsclaíochta a bhainistiú. I ndáil leis sin, molann CESE don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do chomhlachais ghnó, lena n-áirítear comharchumainn, chun tabhairt faoi chomhthionscnaimh lena bhforbrófaí eagraíochtaí frithpháirteacha den sórt sin chun sonraí a bhainistiú agus a mhalartú.

1.6. Ba cheart a aithint i mbeartais an Aontais, i gcomparáid le cuideachtaí trádála traidisiúnta, go bhfuil breisluach ar leith ag baint le samhail an chomharchumainn toisc go dtugtar tús áite léi don rialachas daonlathach, do dháileadh cothrom an rachmais agus do rannpháirtíocht chomhchoiteann láidir, go rannchuidíonn sí le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú, agus go bhfuil athléimneacht intreach agus acmhainneacht oiriúnaitheach aici, atá an-oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta shóisialta agus eacnamaíocha.

2. **Réamhrá agus comhthéacs**

2.1. D'fhógair na Náisiúin Aontaithe gurb í 2025 Bliain Idirnáisiúnta na gComharchumann (IYC2025) agus is é 'Domhan Níos Fearr a Thógáil a bhuí leis na Comharchumainn' téama na bliana seo. Is é an chúis leis an mbliain sin go bhfuil fás ag teacht ar an tuiscint atá ag institiúidí idirnáisiúnta ar an ról atá ag comharchumainn ina lán earnálacha.

2.2. Tá an comharchumann ar cheann d'eintitis an gheilleagair dlúthpháirtíochta shóisialta agus is é an fhoirm is struchtúrtha den fhiontraíocht é agus is é an cineál eintitis is coitianta ar fud an domhain é ó thaobh foirmeacha dlíthiúla agus prionsabail féiniúlachta de. Tá aitheantas tugtha ag an Aontas Eorpach agus ag a lán institiúidí idirnáisiúnta don ról dearfach atá ag fiontair an gheilleagair shóisialta.

2.3. Is FBManna formhór na gcomharchumann, ach is fiontair mhóra a lán eile acu a fheidhmíonn sna hearnálacha is iomaíche. Is baill de chomharchumainn iad 12 % ar a laghad de dhaonra an domhain; tá dhá chéad agus ochtó milliún duine ag obair i gcomharchumainn, agus is iontu a shaothraíonn siad a bpríomhfhoinse ioncaim agus slí bheatha. I gcomharchumainn na hEorpa, tá 141 000 ball, cúig mhilliún fostaí agus 250 000 fiontar ([1]).

2.4. D'aithin an tAontas Eorpach ina straitéis thionsclaíoch go bhfuil éiceachóras sonrach ann a shainmhínítear mar an geilleagar sóisialta agus gaireachta. Mar sin féin, leis an tuairim féintionscnaimh seo, is mian linn a thabhairt chun suntais go bhfuil cuideachtaí iomaíocha rathúla ann a bhuí le samhail an chomharchumainn agus go bhfuil rath na gcuideachtaí sin bunaithe freisin ar a n-acmhainneacht ionchuimsitheach, ar pháirteachas a lucht oibre agus ar a gcaidreamh dearfach le pobail áitiúla.

2.5. Tá ról ríthábhachtach ag comharchumainn thionsclaíocha maidir le cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, rud a chothaíonn samhlacha gnó cuimsitheacha. Trí na leasanna eacnamaíocha a chur ag luí leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta, tá na comharchumainn buanseasmhach i gcoinne dúshláin dhomhanda. Toisc gur féidir leo an chothromaíocht a bhaint amach idir an bhrabúsacht, an t-iomaíochas agus an fhreagracht shóisialta, is gné ríthábhachtach iad de straitéis eacnamaíoch fhadtéarmach na hEorpa.

3. **An t-iomaíochas Eorpach agus na comharchumainn**

3.1. Tá éagsúlacht na fiontraíochta aitheanta sa Chonradh agus d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sainiúlachtaí shamhail an chomharchumainn le déanaí (Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 8 Meán Fómhair 2011 – Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08) ([2]), lena ndéantar beartais spriocdhírithe a dhlisteanú.

([1]) Tuarascáil Bhliantúil 2024 *Cooperatives Europe*.
([2]) (IO C 311, 22.10.2011, lch. 6).

3.2. Tá samhail ghnó an chomharchumainn i gcomhréir iomlán le luachanna Chonradh an Aontais agus le haidhmeanna an Chompáis Iomaíochais Eorpaigh. Agus cuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta á saothrú acu, is cuid fhíor-riachtanach den 'gheilleagar sóisialta margaidh' iad na comharchumainn.

3.3. Níl aithne mhaith ag na saoránaigh, ag an bpobal gnó, ag na bainc ná ag an riarachán poiblí ar fhoirm fiontraíochta an chomharchumainn. I roinnt tíortha, cuireann cleachtais idirdhealaitheacha agus/nó dearcthaí diúltacha isteach ar chomharchumainn agus ní aithnítear iad mar fhiontair lánfheidhme ar an mbealach céanna le gnáthchuideachtaí, rud a chuireann bacainní breise ar a bhfás agus a fhágann go bhfuil sé an-deacair dóibh rochtain a fháil ar mhaoiniú trí ionstraimí traidisiúnta iasachtaithe. D'fhéadfadh an tuairim seo cabhrú le híomhá na gcomharchumann mar ghnólachtaí brabúsacha, a ghineann luach agus rachmas ar nós na ngnáthchuideachtaí, a scaipeadh. Is é an difríocht eatarthu an chaoi a ndáiltear an rachmas agus an luach a chuirtear ar ais sa tsochaí.

3.4. Tá cuspóir fadtéarmach ag na comharchumainn, is é sin inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta a bhaint amach trí dhaoine a chumhachtú, athruithe a thuar agus úsáid acmhainní a bharrfheabhsú. Ní úsáidtear a mbrabús chun luach saothair an chaipitil a uasmhéadú ach chun sochair a dháileadh ar mhaithe leis an infheistíocht inbhuanaithe. Le linn timthriallta fáis, is gnách gur i bhfoirm díbhinní nó bónais an-fhlaithiúil a dháiltear an brabús i ngnólachtaí atá dírithe ar bhrabús. Os a choinne sin, is éard a dhéantar i gcomharchumainn go sábháiltear an brabús chun oiriúnú níos fearr do thimthriallta ina mbeidh cor chun donais ann sa todhchaí.

3.5. A bhuí le solúbthacht, inoiriúnaitheacht agus cruthaitheacht mhodh an chomharchumainn, tá comharchumainn in ann oibriú i ngach earnáil den gheilleagar agus oiriúnú do riachtanais eacnamaíocha agus shochaíocha atá ag teacht chun cinn. Tá méideanna éagsúla orthu agus saintréithe éagsúla acu. Níl aithne mhaith ag an bpobal ar chomharchumainn thionsclaíocha, ar comharchumainn oibrithe iad a bhformhór. Is i ngníomhaíochtaí monaraíochta, tógála, gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla a oibríonn siad go príomha. Tá comharchumainn thionsclaíocha le fáil in earnálacha tionsclaíocha traidisiúnta agus in earnálacha tionsclaíocha atá ag teacht chun cinn freisin. Oibríonn comharchumainn freisin in earnálacha amhail an t-oideachas, an tsláinte, seirbhísí, agraibhia, airgeadas, etc., ach freisin in earnálacha suaiteacha amhail TF, forbairt bogearraí, an intleacht shaorga agus an bithleigheas.

3.6. Déanann comharchumainn, de réir a nádúir, a ndícheall na baill uile a chumhachtú go cothrom, rud a fhágann gur sprioc agus tomhas ar a rath é an comhionannas. Tá sé léirithe acu go ndéanann siad iarrachtaí d'aon ghnó, agus go bhfuil siad tiomanta na luachanna sin a chur i bhfeidhm san ionad oibre freisin. Mar shampla, i gcomharchumainn oibrithe, bíonn méadú ar shástacht, uas-sciliú agus táirgiúlacht oibrithe mar thoradh ar rannpháirtíocht oibrithe i rialú agus i mbainistiú an fhiontair. I gcás na gcomharchumann, tá sé ríthábhachtach coinníollachtaí sóisialta a áireamh i nósanna imeachta soláthair phoiblí, toisc gur féidir a misean sóisialta a aithint agus a luacháil sa bhreis ar a bhfeidhmíocht eacnamaíoch.

3.7. Tá beagnach milliún post in earnáil na monaraíochta caillte san Aontas le ceithre bliana anuas ([3]), agus ba cheart comharchumainn a chur chun cinn mar bhealach amháin chun gníomhú in aghaidh an díthionsclaithe, chun cabhrú leis an earnáil an dá aistriú – glas agus digiteach – a áirithiú go cóir agus go cothrom agus poist ardcháilíochta a chosaint agus a chruthú. Sa chomhthéacs sin, is tosaíocht é ationsclú na hEorpa.

3.8. Tá ról tábhachtach ag comharchumainn shóisialta sa phróiseas athstruchtúraithe agus is spreagadh tábhachtach iad don nuálaíocht shóisialta. Tá ról lárnach ag comharchumainn shóisialta lánpháirtíochta oibre maidir leis na hoibrithe is mó atá fágtha ar lár a thabhairt chuig margadh an tsaothair trí oiliúint éifeachtach agus iomchuí a chur ar fáil dóibh. I roinnt tíortha, an Bhulgáir mar shampla, fostaíonn na comharchumainn shóisialta a lán daoine faoi mhíchumas.

3.9. Cé nach mór do chomharchumainn thionsclaíocha ceanglais tuairiscithe carbóin a chomhlíonadh amhail aon fhiontar eile, is minic nach léiríonn na creataí tuairiscithe atá ann faoi láthair a struchtúir rialachais shonracha agus a gcuspóirí sóisialta sonracha. Dá bhrí sin, ba cheart córais tuairiscithe a oiriúnú chun saintréithe agus rannchuidiú sainiúil shamhail an chomharchumainn leis an inbhuanaitheacht a chur san áireamh ar bhealach níos fearr.

3.10. Tá a lán comharchumann ag gabháil don aistriú digiteach agus don aistriú glas nó ag stiúradh an dá aistriú sin, fiú in earnálacha ardfhorbartha ar nós taighde ar an táirgeadh fuinnimh ó hidrigin, agus tá comharchumann san Iodáil, mar shampla, a bhí ina sheach-chuideachta ollscoile ar dtús, ina phointe tagartha anois don nuálaíocht i réimse an fhuinnimh. Sa Chatalóin, tá beagnach 86 000 ball i gcomharchumann fuinnimh in-athnuaite amháin ina ngintear 71.11 GWh/bliain.

([3]) https://www.etuc.org/en/pressrelease/eu-loses-almost-million-manufacturing-jobs-just-4-years.

3.11. Tá sé léirithe freisin go bhfuil samhail an chomharchumainn éifeachtach agus suimiúil i réimse na bainistíochta uisce agus go bhfuil feidhmeanna leasa ghinearálta ag baint léi. Tugadh sin faoi deara as obair a rinne Comhghuaillíocht na Seirbhísí Uisce faoi Úinéireacht an Phobail san Eoraip (ACOWAS-EU), a bunaíodh le linn na tréimhse comhairliúcháin le haghaidh athmhúnlú 2020 ar Threoir an Aontais maidir le hUisce Óil, rud a thug léargas nua ar sholáthairtí áitiúla uisce óil atá faoi úinéireacht an phobail trí bhíthin comharchumann.

3.12. Mar shampla, tá comharchumainn uisce á mbainistiú ag pobail áitiúla agus faoi úinéireacht pobal áitiúil agus, cé go bhfuarthas taithí shuimiúil san Ostair, sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Spáinn agus in Éirinn, is beag eolas atá orthu agus níl mórán staidéir déanta orthu.

3.13. In earnáil an leictreachais in-athnuaite, cé go bhfuil aistriú suntasach ar bun i gcóras fuinnimh na hEorpa faoi láthair chun athrú ó tháirgeadh láraithe go táirgeadh dílláraithe, déantar cuid mhór de na comhphobail fuinnimh in-athnuaite a bhainistiú i gcineálacha éagsúla comharchumann. Is féidir le comharchumainn fuinnimh fuinneamh ó acmhainní in-athnuaite a sholáthar ar phraghas níos ísle. Má chuirtear an tsamhail sin chun cinn, d'fhéadfadh tionscail na hEorpa a bheith níos iomaíche a bhuí le costais fuinnimh laghdaithe d'fhiontair agus d'fhéadfaí an t-aistriú chuig geilleagar glas a dhéanamh níos tapa.

3.14. Tá ról ríthábhachtach ag na comharchumainn maidir le geilleagair réigiúnacha na hEorpa a neartú, margaí airgeadais agus caipitil na hEorpa a fheabhsú, uathriail straitéiseach na hEorpa a dhaingniú ar fud an domhain, agus an t-aistriú inbhuanaithe agus cóir san Eoraip a mhaoiniú.

3.15. Tá comharchumainn ann freisin ina dtugtar le chéile cuideachtaí agus eagraíochtaí a bhfuil cuspóirí coiteanna acu. Déantar sin i mbraislí speisialaithe chun an comhar, an nuálaíocht agus an tionchar soch-chomhshaoil a uasmhéadú. Tá gach braisle comharchumann tiomnaithe d'earnáil shonrach agus tugann an bhraisle tacaíocht do na comharchumainn ar baill di iad maidir leis an rochtain ar a dtáirgí a éascú nó feabhas a chur ar a gcleachtais bhainistíochta.

3.16. Feidhmíonn comharchumainn mar shásra ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh trí thosaíocht a thabhairt don chinnteoireacht chomhchoiteann agus do dháileadh cothrom acmhainní, rud lena n-áirithítear go mbeidh rochtain i gcónaí ar earraí agus seirbhísí fíor-riachtanacha, fiú le linn sleabhcadh eacnamaíoch. Cumhachtaíonn siad na hoibrithe agus déanann siad an fhostaíocht a chobhsú i dtionscail luaineacha. Tríd an mbrabús a athinfheistiú agus trí dhíriú ar an inbhuanaitheacht fhadtéarmach seachas ar thorthaí gearrthéarmacha do scairshealbhóirí, cruthaíonn na comharchumainn athléimneacht i margaí éagobhsaí.

3.17. Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an nglacadh atá ag gnólachtaí nuathionscanta le samhlacha na gcomharchumann, ós rud é go gcothaíonn an úinéireacht chomhroinnte an nuálaíocht oscailte agus comhroinnt chothrom brabúis. Baineann na comharchumainn nuathionscanta nua-aimseartha sin an leas is fearr is féidir as uirlisí digiteacha chun an chinnteoireacht a dhílárú, rud a fhágann go bhfuil siad inoiriúnaithe agus iomaíoch araon i dtionscail atá ag teacht chun cinn. Cuireann prionsabal an idir-chomhoibrithe ar chumas comharchumann oibriú le chéile ar thionscadail chomhpháirteacha, barainneachtaí scála a fhrithpháirtiú, barainneachtaí scála a fháil agus eolas a mhalartú. In éineacht le huirlisí digiteacha, cuireann an prionsabal sin buntáiste iomaíoch ríthábhachtach ar fáil.

4. **Rannchuidiú na gcomharchumann leis an rathúnas comhroinnte agus le hiomaíochas tionsclaíoch ionchuimsitheach an Aontais**

4.1. Ceann de na cleachtais is suimiúla agus is rathúla maidir le hathstruchtúrú tionsclaíoch agus caomhnú post is ea an ceannach thar barr amach ag oibrithe (WBO), nó an t-aistriú gnó chuig fostaithe faoi shamhail an chomharchumainn.

4.2. Is éard atá i gceist le WBO próiseas athstruchtúraithe ina gceannaíonn fostaithe an chuid is mó de na scaireanna úinéireachta nó na scaireanna úinéireachta uile ina gcuideachta agus, dá réir sin, ina ndéantar comhúinéirí díobh. Is minic a tharlaíonn sé sin mar iarracht chun a gcuideachtaí a tharrtháil ó dhúnadh agus chun poist a shábháil.

4.3. Is féidir leas a bhaint as WBO freisin mar uirlis chun déileáil le dúshláin an aistrithe agus an chomharbais i ngnólachtaí 'sláintiúla', ar FBManna faoi úinéireacht teaghlaigh iad de ghnáth. Is sa Fhrainc go príomha a fheictear sin, áit nach gá go mbeadh baint ag na cúiseanna le WBO le heaspa feidhmíocht eacnamaíoch agus inarb annamh a tharlaíonn a leithéid. I suirbhé ([4]) a rinneadh, tugadh faoi deara go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar aois scoir nó ar thoilteanas (na n-úinéirí) aghaidh a thabhairt ar athrú gairme.

([4]) https://www.fi-compass.eu/esfplus/workers-buyout.

4.4. D'ainneoin thionchar dearfach socheacnamaíoch WBOnna ar phoist, fios gnó/scileanna agus ioncam a shábháil laistigh den Eoraip, ba cheart béim a leagan ar na bacainní suntasacha atá ar WBOnna: bearnaí rialála, easpa bearta dlíthiúla agus tacaíochta iomchuí, sásraí maoiniúcháin, gan samhail ghiaráilte WBO a bheith ann, spéis theoranta ag bainc thráchtála iontu, easpa feasachta maidir le samhail an chomharchumainn i measc gairmithe a bhíonn ag déileáil le leachtuithe agus aistrithe. Mar sin féin, soláthraíonn cónaidhmeanna comharchumann cúnamh teicniúil, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha, oiliúint d'oibrithe a bheidh ina n-úinéirí amach anseo agus ionstraimí airgeadais agus tá ról lárnach acu maidir leis an rath a bhíonn ar WBOnna a ráthú agus maidir leis an riosca d'oibrithe a theorannú. Ba cheart do na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as deontais CSE+ chun tacú le seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil do WBOnna.

4.5. Ba cheart bearta breise a thacaíonn le WBOnna a chur chun feidhme: sásraí airgeadais díreacha lena gcabhraítear le hoibrithe infheistíocht a dhéanamh i bhfiontair atá i ngéarchéim nó nach bhfuil comharbaí acu; cumas na gcónaidhmeanna comharchumann idirbhearta cothromais agus cuasachothromais a mhéadú agus ráthaíochtaí sonracha a chruthú; dreasachtaí cánach do WBOnna; cearta fabhracha d'oibrithe chun na coinníollacha is fearr a thabhairt dóibh chun tairiscint táthcheangail a dhéanamh le haghaidh fiontar atá i mbaol a dhúnta.

5. **Tionchar ar phoist, oideachas, scileanna, aistriú agus teicneolaíocht**

5.1. Le fiontraíocht na gcomharchumann, cruthaítear níos mó post ná mar a chruthaítear leis an bhfiontraíocht thraidisiúnta. Mar shampla, sa Spáinn, as 3 207 580 cuideachta níl aon fhostaithe ag níos mó ná leath díobh (53,6 %). Ar an taobh eile, níl aon fhostaithe ach ag 21,21 % de na comharchumainn (iad siúd atá ag feidhmiú sna hearnálacha tógála agus trádála den chuid is mó). Ina theannta sin, tá idir fostaí amháin agus beirt fhostaithe ag 35,55 % de chomharchumainn, rud a sháraíonn an céatadán 27,99 % i measc gnólachtaí traidisiúnta, agus fostaíonn 19,08 % eile idir triúr agus cúigear fostaithe, i gcomparáid le 9,65 % i gcás na ngnólachtaí eile ([5]). Cé go bhféadfadh na figiúirí sin a bheith éagsúil ó thír go tír, léiríonn siad an claonadh ginearálta atá ann díriú níos mó ar chruthú agus ar chothabháil post faoi shamhail an chomharchumainn.

5.2. Aithnítear i dtuarascáil Draghi maidir leis an iomaíochas gur gá an bhearna scileanna i dtionscail straitéiseacha a dhúnadh. Leis an bprionsabal comhoibritheach 'Oideachas, oiliúint agus faisnéis', iarrtar ar na comharchumainn oideachas agus oiliúint a chur ar fáil dá mbaill agus dá bhfostaithe. Is saintréith díobh an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, rud a fhágann go mbíonn oibrithe in ann freagairt go hábalta d'athruithe a bheadh ag tarlú.

5.3. I bprionsabail Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta na gComharchumann (ICA), tá ábhar imní don phobal sainithe ar cheann de na príomhchúiseanna le comharchumainn a bheith ann agus ar cheann de na príomhluachanna lena dtreoraítear obair na gcomharchumann: 'Oibríonn comharchumainn ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a bpobal trí bheartais arna bhformheas ag a mbaill'. Cuireann sé sin i bhfios go láidir gur maith is féidir leis na comharchumainn tacú leis an bhforbairt áitiúil agus leis na trí aistriú (glas, digiteach, ciorclach), toisc go bhfuil a gcur chuige atá dírithe ar an bpobal agus atá inbhuanaithe i leith gnólachtaí ag teacht le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh.

5.4. Tá acmhainn sna comharchumainn thionsclaíocha forbairt an gheilleagair phobalbhunaithe a spreagadh, rud a chuirfidh le forbairt tionscal glan agus cuimsitheach uile-Aontais ón mbun aníos. Dá bhrí sin, molann CESE d'institiúidí an Aontais aitheantas iomlán a thabhairt don ról is féidir le comharchumainn a imirt i gcur chun feidhme thionscnaimh nua an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

5.5. Mar gheall ar an bhfás ar thábhacht na hintleachta saorga agus na meaisínfhoghlama sa tionsclaíocht, tá an rochtain ar shonraí agus stóráil agus bainistiú sonraí fíor-riachtanach agus tá tábhacht straitéiseach leo. Ar an gcúis sin, beidh méadú ag teacht ar thábhacht na gcomharchumann sonraíbhunaithe maidir le claochluithe tionsclaíocha a bhainistiú. Trí chomharchumainn a bhunú chun sonraí a bhainistiú agus a mhalartú, d'fhreastalófaí ar leasanna daoine (oibrithe, tomhaltóirí, fiontraithe) agus FBManna nach mbeadh in ann rochtain a fháil ar mhéideanna móra sonraí ná iad a phróiseáil murach sin.

5.6. Go deimhin, is cosúil gur maith is féidir le comharchumainn gníomhaíochtaí idirmheánacha agus malartú nó comhroinnt sonraí idir fiontair a bhainistiú. Fágann na comharchumainn go háirithe gur féidir leasanna na n-ábhar sonraí agus leasanna na sealbhóirí sonraí ar comharchumainn iad – a bheadh faoi úinéireacht na n-ábhar sonraí céanna sa chás áirithe seo – teacht le chéile chun sonraí a bhainistiú agus go bhféadfaidís, dá bhrí sin, córas rialachais rannpháirtíochta comhroinnte a áirithiú idir saoránaigh, gnólachtaí agus fiontraithe.

([5]) *Situación del Cooperativismo en España en 2023* [Mar atá gluaiseacht na gcomharchumann sa Spáinn in 2023].

5.7. Is féidir le comharchumainn thionsclaíocha a gcaidreamh leis an leibhéal áitiúil a threisiú chun dul i mbun siombóis thionsclaíoch, trínar féidir dramhaíl nó seachtháirgí tionscail amháin nó comharchumainn thionsclaíoch amháin a úsáid mar ionchuir táirgthe do cheann eile. Tacaíonn an méid sin le héifeachtúlacht acmhainní agus le coigilteas dramhaíola, fuinnimh, uisce agus ábhair. Chun tacú le comharchumainn thionsclaíocha na cleachtais sin a ghlacadh, ba cheart d'institiúidí an Aontais agus d'institiúidí náisiúnta beartais shonracha a mheas: dreasachtaí cánach a chuirtear chun feidhme go háitiúil nó dreasachtaí cánach bardasacha, buntáistí cánach do chomharchumainn nuabhunaithe, fóirdheontais, deontais nó maoiniú eile ar ús íseal, tacaíocht d'ardáin réigiúnacha comhroinnte eolais, chomh maith le hinfheistíochtaí bardasacha agus réigiúnacha i mbonneagar (amhail páirceanna tionsclaíocha comhroinnte, criosanna éiceathionsclaíocha, láithreáin próiseála/athchúrsáilte dramhaíola, moil lóistíochta droim ar ais, etc.).

5.8. Is féidir ról ar leith a bheith ag comharchumainn thionsclaíocha san fhorbairt réigiúnach trí fhás eacnamaíoch cuimsitheach a chothú. Áirithítear trína gcóras rialachais daonlathach go ndéantar an brabús a athinfheistiú go háitiúil, rud a neartaíonn na geilleagair réigiúnacha, an comhtháthú sóisialta agus an fhostaíocht. Trí thosaíocht a thabhairt don inbhuanaitheacht fhadtéarmach, cuireann comharchumainn athléimneacht na dtionscal áitiúil chun cinn agus spreagann siad an nuálaíocht áitiúil agus réigiúnach sna tionscail. Ba cheart é sin a aithint i mbeartais an Aontais, lena n-áirítear na cistí comhtháthaithe, cistiú saincheaptha agus dreasachtaí ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach, rud a chuirfeadh leis an bhfás réigiúnach agus áitiúil, leis an bhfostaíocht agus leis an bhforbairt.

5.9. I measc na ndúshlán a shainaithin na comharchumainn féin tá an tsaincheist maidir leis an easpa eolais faoi chomharchumainn. Molann CESE d'institiúidí an Aontais, lena n-áirítear Coiste Eorpach na Réigiún agus gníomhaithe náisiúnta, tosaíocht a thabhairt san oideachas gnó do phríomhshruthú an eolais i dtaobh shamhail an chomharchumainn agus a áirithiú go gcuirfidh printísigh, foghlaimeoirí i gcoitinne, mic léinn agus daoine óga eolas ar phrionsabail agus ar ghníomhaíochtaí na gcomharchumann. Go háirithe, ba cheart leas a bhaint as clár Erasmus+ ar bhealach níos córasaí sa réimse sin. Ba cheart do chlár Erasmus+ tacú leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) mar chuid de shamhail ghnó an chomharchumainn. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tréimhsí oiliúna tiomnaithe agus deiseanna soghluaisteachta a fhorbairt laistigh d'fhiontair chomhoibritheacha ar fud an Aontais.

5.10. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an eolas faoi chomharchumainn a chur chun cinn san oideachas tríú leibhéal chun go mbeidh mic léinn in ann rogha fheasach a dhéanamh maidir le fiontraíocht an chomharchumainn a roghnú mar ghairm. Ba cheart béim níos mó a leagan ar chur chun cinn shamhail an chomharchumainn i measc gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe óga. Ba cheart samhail an chomharchumainn a chur chun cinn sa straitéis AE nua atá beartaithe um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú.

5.11. Ba cheart oideachas maidir le gníomhaíochtaí tráchtála na gcomharchumann a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí oiliúna na n-eagraíochtaí tacaíochta gnó ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun feabhas a chur ar tharraingteacht na hearnála chun gnó a fhorbairt. Tá sé tábhachtach freisin faisnéis a scaipeadh i measc an phobail i gcoitinne agus i measc na hearnála príobháidí (bainc, institiúidí airgeadais agus na riaracháin phoiblí freisin), agus laistigh de chomhlachais tionscail/ghnó chomh maith.

An Bhruiséil, an 3 Nollaig 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND